II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1241 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Iúil 2021

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) De bhun Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2016/44, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Is é tátal na Comhairle gur cheart an iontráil do dhuine amháin a scrios ós rud é go bhfuil sé básaithe, agus gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh gach duine eile agus gach eintitis eile atá ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis chéannachta do dhuine amháin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Iúil 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)) a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, leasaítear Cuid A (Daoine) mar a leanas:

(1) scriostar iontráil 3 (a bhaineann le TOHAMI, General Khaled);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 6 (a bhaineann AL-MAHMOUDI, Baghdadi):

‘6.	AL-MAHMOUDI, Baghdadi dá ngairtear freisin AL-MAHMOUDI Al-Baghdadi, Ali AL-MAHMOUDI AL-BAGHDADI, Ali	Áit bhreithe: Alassa, An Libia Náisiúntacht: An Libia Inscne: fireann Seoladh: Abu Dhabi, United Arab Emirates	Ina Phríomh-Aire i Rialtas an Choirnéil Qadhafi. Dlúthbhaint aige le réimeas Muammar Qadhafi tráth.	21.3.2011’